Dhá scéal nuachta

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi dhá scéal nuachta. Sula bhféachann tú ar an mír, an féidir leat féin agus an duine in aice leat Gaeilge a chur ar na focail agus na frásaí seo? Bain úsáid as foclóir chun cuidiú libh mura bhfuil sibh cinnte.

1. Irish citizenship _____
2. large number _____
3. foreigner _____
4. the dancer and entertainer _____
5. originally _____
6. the cross / crucifix _____
7. to be fixed _____
8. spokesperson _____
9. on behalf of _____
10. to discuss the situation _____

Féach ar an mír den chéad uair le feiceáil ar aimsigh sibh na téarmaí céanna.

Ceist 2 Féach ar an mír den dara huair agus tabhair faoin ngníomhaíocht seo leis an duine in aice leat.

Duine A: Déan cur síos ar an gcéad scéal don duine in aice leat.
Duine B: Déan cur síos ar an dara scéal don duine in aice leat.

Ceist 3 Féach ar an mír arís agus aimsigh na focail chomhchiallacha atá inti ar na focail seo thíos:

a lán
coimhthíoch
go minic
an-bhródúil
i láthair na huaire
le cóiriú

Ceist 4 ***'…****i gceist aige* *fanacht…' agus '…an chrois a dheisiú…'*

A. Cén ghné den ghramadach atá i gceist leis na focail a bhfuil líne fúthu?

B. Líon na bearnaí sna habairtí seo leis an bhfoirm cheart den bhriathar:

1. Is mór an trua go gcaithfimid an bus a _____ anois. (tóg)
2. An féidir leat an uimhir sin a _____ síos dom le do thoil? (scríobh)
3. Más mian leat marc maith a _____ amach, tá ort a lán obair bhaile a _____ sa bhaile, tar éis na scoile. (bain/ déan)
4. Caithfidh tú do dhinnéar a _____ nó ní bheidh tú in ann dul amach ag súgradh. (ith)
5. Bíonn ar mhic léinn ollscoile a lán leabhar a _____. (léigh)
6. Iarr ar na foghlaimeoirí an t-eolas a _____ sula dtabharfaidh tú féin an t-eolas dóibh. (soláthair)
7. Níor mhiste an mála mór sin a _____ leat; tá a lán sólaistí le ceannach agat. (tabhair)
8. Ní féidir liom dul amach anocht mar tá orm an teach a _____. (glan)
9. Má shiúlann tú chun na hoibre inniu beidh ort cóta báistí a _____. (caith)
10. Ní maith liom cártaí a _____; tá sé leadránach! (imir)

Ceist 5 '…ag súil…'

Tá sé furasta na focail Ghaeilge seo a mheascadh le chéile. Cuir in abairtí iad lena mbrí a léiriú:

ag súil **vs.** ag siúl
cheana **vs.** céanna
caoi **vs.** cuí

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat, nó le do ghrúpa.

1. Ar cheart Saoránacht na hÉireann a thabhairt do gach duine ar mhaith leis é? Cén fáth?
2. Ar cheart scrúdú a dhéanamh sula dtabharfar saoránacht tíre do dhuine? Cén cineál scrúdaithe?
3. Cén fáth a loitfeadh duine crois Chaitliceach ar nós é sin a bhí ar Chorrán Tuathail, dar leat?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

1. Irish citizenship	*Saoránacht na hÉireann*
2. large number	*scata*
3. foreigner	*eachtrannach*
4. the dancer and entertainer	*an damhsóir agus an siamsóir*
5. originally	*ó dhúchas*
6. the cross / crucifix	*an chrois*
7. to be fixed	*le deisiú*
8. spokesperson	*urlabhraí*
9. on behalf of	*thar ceann*
10. to discuss the situation	*chun an scéal a phlé*

Ceist 2

Féach an script.

Ceist 3

a lán – *scata*
coimhthíoch – *eachtrannach*
go minic – *go rialta*
an-bhródúil – *iontach bródúil*
i láthair na huaire – *faoi láthair*
le cóiriú – *le deisiú*

Ceist 4

A. An t-ainm briathartha

B

1. Is mór an trua go gcaithfimid an bus a **thógáil** anois.
2. An féidir leat an uimhir sin a **scríobh** síos dom le do thoil?
3. Más mian leat marc maith a **bhaint** amach, tá ort a lán obair bhaile a **dhéanamh** sa bhaile, tar éis na scoile.
4. Caithfidh tú do dhinnéar a **ithe** nó ní bheidh tú in ann dul amach ag súgradh.
5. Bíonn ar mhic léinn ollscoile a lán leabhar a **léamh**.
6. Iarr ar na foghlaimeoirí an t-eolas a **sholáthar** sula dtabharfaidh tú féin an t-eolas dóibh.
7. Níor mhiste an mála mór sin a **thabhairt** leat; tá a lán sólaistí le ceannach agat.
8. Ní féidir liom dul amach anocht mar tá orm an teach a **ghlanadh**.
9. Má shiúlann tú chun na hoibre inniu beidh ort cóta báistí a **chaitheamh**.
10. Ní maith liom cártaí a **imirt**; tá sé leadránach!

Ceist 5

ag súil – ag dream le
ag siúl – ag coisíocht

cheana (féin) – already
céanna – the same

caoi – slí, bealach, dóigh
cuí – ceart

Ceist 6

Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Áine Lally
Bronnadh Saoránacht na hÉireann ar scata eachtrannach ag searmanas in Ollscoil na hÉireann, Corcaigh inniu. Ina measc bhí an damhsóir agus an siamsóir Cuthbert Toura Aratura as an tSiombáib ó dhúchas, a tháinig go hÉirinn i naoi déag nócha is a trí agus é naoi mbliana déag d'aois. Ní raibh sé i gceist aige fanacht ach dhá bhliain, ach tá sé anseo ó shin. Tá sé pósta anois agus tá triúr iníonacha[1] aige. Bíonn sé le feiceáil go rialta ag damhsa ar an sean-nós ag Oireachtas na Gaeilge.

Cuthbert Toura Aratura
Tá mé iontach bródúil. Tá mé anseo anois. Tá mé ag ligean mo scíthe le mo chorp faoi láthair.

Áine Lally
Tá an chrois atá ar bharr Chorrán Tuathail a leagadh go talamh le gairid le deisiú, a deir an fóram atá i bhfeighil chaomhnú na gCruach Dubh. Dúirt urlabhraí thar ceann an fhóraim go raibh scata glaonna tagtha ó chomhlachtaí innealtóireachta, loingseoireachta[2] agus ón bpobal agus iad uilig ag tairiscint an chrois a dheisiú. Beidh cruinniú ag an bhfóram tráthnóna amárach chun an scéal a phlé. Tuigtear go bhfuil siad ag súil go mbeidh an chrois deisithe roimh dheireadh na seachtaine.

[1] *iníon* a deirtear
[2] *longadóireachta* a deirtear